Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12141/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0805(NLE)**

INST 294

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE a glacadh de chomhthoil le hUachtarán an Choimisiúin lena gceaptar Comhalta den Choimisiún Eorpach |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**
**a glacadh de chomhthoil le hUachtarán an Choimisiúin**

**an...**

**lena gceaptar Comhalta den Choimisiún Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 246 de,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Tuairim an ……………… 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Eorpach Cinneadh (AE) 2019/1989[1] lena gceaptar an Coimisiún Eorpach don tréimhse go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

(2) I litir dar dáta an 15 Bealtaine 2023, chuir Ursula VON DER LEYEN, Uachtarán an Choimisiúin, an Chomhairle ar an eolas go raibh Mariya GABRIEL tar éis éirí as a post mar Chomhalta den Choimisiún.

(3) I gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 246 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déanfar folúntas a tharlóidh de bharr éirí as oifig a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an Chomhalta le Comhalta nua den náisiúntacht chéanna.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Comhalta nua den Choimisiún a cheapadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh (AE) 2019/1989 ón gComhairle Eorpach an 28 Samhain 2019 lena gceaptar an Coimisiún Eorpach (IO L 308, 29.11.2019, lch. 100).

*Airteagal 1*

De chomhthoil le hUrsula VON DER LEYEN, Uachtarán an Choimisiúin, ceapann an Chomhairle Iliana IVANOVA mar Chomhalta den Choimisiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige, a leanfaidh go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/i/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*